DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

# CAIBIDIL 14

# NASCACHT



**14.0 Nascacht**
**14.1 Réamhrá**
**14.2 Comhthéacs Beartais Phleanála**
**14.3 Iompar Inbhuanaithe**
**14.3.1 Pleanáil Iompair Inbhuanaithe**
**14.3.2 Soghluaisteacht Inbhuanaithe**
**14.3.3 Comhtháthú Talamhúsáide & Pleananna Iompair Áitiúil**
**14.3.4 Taisteal Gníomhach**
**14.3.4.1 Glasbhealaí**
**14.4 Gréasán Bóithre**
**14.4.1 Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád**
**14.4.1.1 Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta**
**14.4.2 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**
**14.4.3 Soláthar Páirceála**
**14.4.4 Comharthaí Cois Bóthair**
**14.5 Iompar Poiblí**
**14.5.1 Iompar ar Iarnród**
**14.5.2 Iompar Bus**
**14.6 Aeriompar**
**14.7 Cuanta, Calafoirt & Céanna**
**14.8 Cearta Slí Poiblí**
**14.9 Nascacht Dhigiteach**
**14.9.1 Teileachumarsáid & Leathanbhanda**
**14.9.2 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda**
**14.9.2.1 Straitéis Dhigiteach Chiarraí**
**14.9.2.2 Nascphointí Leathanbhanda**
**14.9.2.3 Gréasáin Mórcheantar Uirbeach**
**14.9.3 Moil Dhigiteacha/Spásanna Oibre Comhionaid**

# 14.0 Nascacht

## 14.1 Réamhrá

Is é an aidhm atá leis an gcaibidil seo príomhbhonneagar a chothabháil agus a sholáthar agus nascacht réigiúnach agus contae a fheabhsú trí chur chun feidhme na mbeartas agus na gcuspóirí thios agus Caighdeán Bainistíochta Forbartha agus doiciméad Treorach an Phlean seo.

Mar Chontae imeallach agus tuaithe atá breac le leithinsí, baineann fíorthábhacht le nascacht le agus laistigh den Chontae i ndáil le caighdeán an bhonneagair atá ar fáil (fisiciúil agus digiteach) i ndáil leis an caighdeán saoil atá á chur ar fáil do shaoránaigh an Chontae. Ar an gcuma chéanna, is ionann córas iompair chuí agus teileachumarsáid leathanbhanda agus gnéithe riachtanacha den bhonneagar seo agus is príomhfhachtóir iad i ndáil le tionscal agus fostaíocht a mhealladh chuig an gceantar.

Tá an Chomhairle freagrach as soláthar roinnt cineálacha bonneagair, ach tá formhór an bhonneagair á sholáthar ag gníomhaireachtaí stáit agus ag soláthraithe príobháideacha. Is é beartas na Comhairle, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha ar fad agus soláthraithe bonneagair bonneagar inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sholáthar nó a éascú ag suíomhanna oiriúnacha chun infheistíocht ghnó nua agus daoine a mhealladh chuig an gContae chun freastal ar riachtanais gheilleagracha agus shóisialta an Chontae.

Chomh maith leis sin, is é beartas na Comhairle feabhsú chaighdeán saoil shaoránaigh uile an Chontae a éascú trí bhonneagar iompair agus cumarsáide ar ardchaighdeán a sholáthar. Leis seo cuimsítear cosaint comhshaoil agus aon phlean nó tionscnamh a bheidh faoi réir réiteach a mhínítear sa chaibidil seo ar pholasaí ceangailteachta agus faoi réir na measúnaithe cuí comhshaoil mar SEA, EIA agus AA nuair is cuí.

## 14.2 Comhthéacs Beartais Phleanála

Glactar leis in NPF agus RSES go mbaineann tábhacht le bainistiú inbhuanaithe ár n-acmhainní bonneagair chun folláine timpeallachta agus gheilleagrach ár dtodhchaí a chinntiú agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt do ghá atá le hinfheistíocht i mbonneagar chun freastal ar fhás tuartha daonra agus geilleagrach amach anseo go dtí 2040. Is é atá mar aidhm le NPF forbairt chothrom, réigiúnach a chinntiú ar fud na hÉireann, mar aon le hinrochtaineacht réigiúnach feabhsaithe. Tá tuilleadh tacaíochta fós á tabhairt don tosaíocht náisiúnta seo in RSES, ina nglactar leis go bhfuil ról lárnach ag bonneagar cumasúcháin atá á bhainistiú go ciallmhar chun réigiún nasctha, bríomhar, ionchuimsitheach, seasmhach agus cliste a fhorbairt. Chomh maith leis sin, déantar cur síos in NPF agus RSES ar an ngá atá le foirmeacha iompair níos inbhuanaithe chun éileamh fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Chomh maith leis sin, tacaíonn RSES le bonneagar digiteach a sholáthar cosúil le gréasán TFC ar ardchaighdeán agus an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) a chabhróidh le forbairt réigiúnach chothrom a chruthú.


## 14.3 Iompar Inbhuanaithe

Leagtar béim i mbeartas iompair náisiúnta agus réigiúnach ar an ngá atá leis an éileamh ar bhrath ar an gcarr príobháideach a laghdú seachas iompar poiblí, rothaíocht agus siúl. Cuimsítear i gcoincheap an bheartais iompair comhtháite ní hamháin comhtháthú laistigh de agus idir modhanna iompair difriúla ach chomh maith leis sin comhtháthú le beartais agus cuspóirí timpeallachta, sóisialta, caitheamh aimsire, geilleagracha, oideachais agus sláinte. Ní féidir glacadh le nó cinneadh a dhéanamh níos mó maidir le soláthar áiseanna iompair ina n-aonar.

Is é aidhm straitéiseach an Phlean Forbartha seo pleanáil iompair agus talamhúsáide a chomhordú. Ginfidh agus treiseoidh comhtháthú éifeachtach talamhúsáide agus iompair patrúin lonnaíochta inbhuanaithe a bhaineann an úsáid is éifeachtaí as talamh, a íoslaghdaíonn an gá atá le taisteal sa charr agus a laghdóidh astaíochtaí $C0_2$. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ceanglas ar na straitéisí iompair agus lonnaíochta a bheith comhsheasmhach, ní hamháin lena chéile, ach leis an treoir náisiúnta de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála, an Beartas Taistil Níos Cliste agus beartais agus treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go dtacóidh feabhsuithe ar bhonneagar agus seirbhísí iompair tacú le forbairt straitéiseach agus straitéis lonnaíochta don Chontae agus go soláthrófar leibhéal oiriúnach inrochtaineachta ar áiseanna, seirbhíse agus deiseanna uirbeacha agus tuaithe.
Is creat straitéiseach ardleibhéal é an dréacht-Chreat Náisiúnta Iompair d'Éirinn (NIFTI) a thabharfaidh tús áite d'infheistíocht sa ghréasán iompair talún. Sainaithnítear sa dréachtchreat ceithre thosaíocht infheistíochta a bhfuil dhá ordlathas prionsabalbhunaithe ag tacú leo – Córa Iompair & Idirghabháil:

1. Dícharbónú
2. Cosaint agus Athnuachan
3. Soghluaisteacht Daoine agus Earraí i gCeantair Uirbeacha
4. Nascacht Réigiúnach agus Tuaithe Feabhsaithe




**Figiúr 14.1 Ordlathas Córa Iompair agus Idirghabhála – NIFTI**

Is é beartas an Phlean tacú le forbairt inbhuanaithe córas iompair a sholáthraíonn raon roghanna iompair don Chontae, lena n-áirítear gréasán bóithre sábháilte, raon seirbhísí bus agus seirbhísí iarnróid, áiseanna oiriúnacha siúil agus rothaíochta agus suíomhanna oiriúnacha agus deiseanna le haghaidh aerthaistil agus taisteal ar uisce.

Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle tiomanta don mhéid comaitéireachta a laghdú ar dtús trí phoist bhreise a chruthú sa Chontae agus tairbhe a bhaint as treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí i rith phaindéim Covid-19 maidir le cianobair trí mhoil comhionad oibre i mbailte beaga agus sráidbhailte a éascú agus tacú leo.

### 14.3.1 Pleanáil Iompair Inbhuanaithe

Braitheann córas iompair éifeachtach agus idir córacha iompair ar chomhtháthú rathúil le pleanáil talamhúsáide. Éascóidh an Chomhairle dearadh sráide feabhsaithe i lonnaíochtaí a spreagfaidh níos mó daoine cinneadh a dhéanamh siúl, léim ar an rothar nó úsáid a bhaint as iompar poiblí, tríd an eispéireas a dhéanamh níos sábháilte agus níos deise. Beidh sé seo mar bhonn le luasanna tráchta a laghdú, stop a chur le húsáid neamhriachtanach an chairr, agus timpeallacht thógtha a chruthú a thacaíonn le stíleanna maireachtála sláintiúla agus a fhreagraíonn ar bhealach níos tuisceanaí le nádúr uathúil pobal agus áiteanna aonair. Áirítear caighdeán feabhsaithe aeir i measc na mbuntáistí comhpháirteacha eile.

Soláthraítear sa Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) treoir dearaidh agus caighdeáin maidir le tógáil bóithre agus sráideanna uirbeacha reatha nua agus iad a athchumrú, d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad sábháilte le haghaidh coisithe agus rothaithe. Is cuspóir de chuid an Phlean seo é go bhfuil forbairt chónaithe nua agus oibreacha feabhais ar an ríocht phoiblí deartha de réir na dtreoirlínte seo.

### 14.3.2 Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Is féidir glacadh le soghluaisteacht inbhuanaithe mar bhealach chun daoine a nascadh le háiteanna ar bhealach inbhuanaithe trí thacú le haistir inacmhainne ar iompair níos glaise.

Baineann dúshlán le soghluaisteacht inbhuanaithe i gContae Chiarraí, contae ina bhfuil ceann de na rátaí úsáide is airde de charranna príobháideacha le haghaidh aistear chuig ionaid oibre (71.1%), i gcomparáid leis an meán náisiúnta (65.6%). Tá ceannas an chairr phríobháidigh mar phríomh-mhodh iompair bunaithe ar an bpatrún lonnaíochta scaipthe agus dlús daonra íseal an chontae (23.3 duine i ngach ciliméadar cearnach, i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 70 duine i ngach ciliméadar cearnach). Os a choinne sin, is fachtóir suntasach rannpháirteach é an ganntanas modhanna iompair inbhuanaithe inmharthana. Úsáideann níos lú ná 1.2% de chomaitéirí i gCiarraí iompar poiblí chun taisteal chuig an obair, i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 9.3%.

Ceanglóidh soghluaisteacht inbhuanaithe a chomhlionadh obair le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus sraith gníomhaíochtaí a áirítear ina measc:

- Fás spriocdhírithe daonra agus fostaíochta i gceantair lonnaíochta.
- Roghanna malartacha seachas an carr a úsáid, eadhon, siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.
- Feabhsuithe tréscaoilteachta agus inrochtaineachta.

Éiríonn siúl agus rothaíocht níos inmharthana mar roghanna iompair nuair a laghdaítear an t-achar idir a leithéid de sheirbhísí. Tá léargas le fáil i dTábla 14.1 ar an deighilt mhódúil sna príomhlonnaíochtaí. Tacóidh agus cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh roghanna malartacha seachas an carr comhtháite i ndearadh sráideanna agus spásanna poiblí, tús áite a thabhairt do rothaíocht agus siúl mar mhodhanna iompair gníomhacha. Cinnteoidh an chomhairle bainistíocht éifeachtach spáis i lár bailte agus sráidbhailte a sholáthraíonn ardleibhéal tréscaoilteachta le haghaidh siúil agus rothaíocht a chruthaíonn áiteanna inrochtana, mealltacha agus bríomhara le bheith ag obair agus ag maireachtáil iontu.

Deimhníonn agus tarraingíonn na sonraí i dTábla 14.1 aird ar na dúshláin atá le sárú ag an gContae i ndáil le tacú le haistriú córa iompair ón gcarr. Tá Comhairle Contae Chiarraí tiomanta do thacú le modhanna inbhuanaithe taistil lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus más féidir, an t-athrú córa iompair a athrú ón gcarr príobháideach agus dícharbónú in iompar a spreagadh. Nuair a bhíonn forbairt pleanála á pleanáil, cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh riachtanais daoine le cumais éagsúla á mbreithniú.

| | **Ag Siúl/Ag Rothaíocht** | | | **Iompar Poiblí** | | | **Feithicil** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Obair | Scoil | Iomlán | Obair | Scoil | Iomlán | Obair | Scoil | Iomlán |
| Trá Lí | 20.1% | 26.4% | 22.7% | 1.1% | 8.3% | 4.0% | 71.1% | 59.0% | 66.2% |
| Cill Airne | 23.9% | 23.1% | 23.7% | 4.0% | 6.6% | 4.7% | 61.5% | 63.3% | 62.0% |
| Lios Tuathail | 15.4% | 22.4% | 18.1% | 0.6% | 13.2% | 5.5% | 81.1% | 60.2% | 73.1% |
| Oileán Ciarraí | 17.8% | 32.6% | 23.1% | 1.3% | 6.8% | 3.3% | 77.7% | 57.7% | 70.5% |
| Neidín | 19.2% | 27.6% | 21.9% | 1.2% | 5.8% | 2.7% | 71.7% | 60.7% | 68.2% |
| Cill Orglan | 21.0% | 30.0% | 23.9% | 1.0% | 6.9% | 2.9% | 73.9% | 58.2% | 68.8% |
| Daingean Uí Chúis | 37.7% | 43.2% | 39.1% | 1.1% | 2.4% | 1.5% | 53.2% | 51.4% | 52.7% |
| Baile an Bhuinneánaigh | 13.8% | 21.5% | 16.7% | 1.2% | 7.3% | 3.5% | 79.7% | 63.8% | 73.8% |
| Cathair Saidhbhín | 31.0% | 40.3% | 34.1% | 0.6% | 1.7% | 0.9% | 64.3% | 54.0% | 60.9% |
| Baile an Mhuilinn | 7.4% | 39.8% | 18.3% | 0.8% | 7.3% | 3.0% | 88.6% | 46.1% | 74.3% |

**Tábla 14.1 Deighilt Mhódúil Iompair Príomhlonnaíochtaí (CSO 2016)**

Ceadóidh an Chomhairle laghdú ar chaighdeáin páirceála carranna i suíomhanna oiriúnacha i lár bailte chun athrú módúil a spreagadh ón gcarr príobháideach chuig foirmeacha níos inbhuanaithe iompair, cosúil le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl.

Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh áiseanna páirceála Rothar oiriúnacha (Féach ar Chaighdeáin & Treoirlínte Bainistíochta Forbartha, Iml. 6) san áireamh in aon iarratais nua i gceantair uirbeacha chun cabhrú le tacú le haistriú córa iompair ó charranna príobháideacha go modhanna iompair níos inbhuanaithe i.e., rothaíocht, siúl, iompar poiblí.

| **Iompar agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe:<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-1** | Infheistíochtaí bonneagar iompair inbhuanaithe a sholáthar mar atá sainaitheanta don ghréasán bóithre, iompar poiblí/tuaithe agus bonneagar siúil/rothaíochta.. |
| **KCDP 14-2** | Bunú inbhuanaithe gréasán glasbhealaí a éascú agus tacú leo mar atá mínithe i Straitéis Glasbhealaí Chomhairle Contae Chiarraí i Mapa 14.1 agus Tábla 14.2 laistigh den Chontae agus sna contaetha ina aice láimhe, sa bhreis ar mheasúnú timpeallachta. |
| **KCDP 14-3** | Tacú le agus forbairt inbhuanaithe siúil, rothaíochta, iompair phoiblí agus foirmeacha iompair inbhuanaithe eile a chur chun cinn, mar rogha mhalartach seachas an carr príobháideach, trí fhorbairt inbhuanaithe an bhonneagair riachtanaigh a éascú agus a chur chun cinn ag suíomhanna oiriúnacha agus trí thacú le tionscnaimh atá le fáil in “Taisteal Níos Cliste, Creat Iompair Inbhuanaithe 2009-2020” agus an “Creat Beartais Náisiúnta Rothaíochta” agus aon bheartas soghluaisteachta inbhuanaithe náisiúnta a bheidh ann amach anseo. |
| **KCDP 14-4** | Tacú le agus leathnú an ghréasáin luchtaithe Feithiclí Leictreachas a spreagadh (trí sholáthar díreach ó ghníomhaireachtaí stáit agus i gcomhpháirt le soláthraithe fuinnimh e.g., san earnáil fáilteachais) agus méadú ar líon agus ar úsáid Feithiclí Leictreacha. |
| **KCDP 14-5** | Figiúirí agus spriocanna bonnlíne a shonrú le haghaidh cion módúil i bPleananna Ceantair Áitiúla nua / éagsúla chun athrú módúil a spreagadh ón gcarr príobháideach chuig foirmeacha níos inbhuanaithe iompair, cosúil le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl. |
| **KCDP 14-6** | Spriocanna cion módúil a shocrú laistigh den chontae i gcomhpháirt le NTA, CARO, EMRA agus páirtithe leasmhara ábhartha eile agus de réir aon Treoirlínte ábhartha a d’fhéadfadh teacht i bhfeidhm. |
| **KCDP 14-7** | Soláthar teicneolaíochtaí nua maidir le hiompar dícharbónaithe a chur chun cinn agus tacú leis. |

### 14.3.4 Taisteal Gníomhach


Is éard atá i gceist le Taisteal Gníomhach taisteal a bhfuil cuspóir leis (seachas cuspóirí caitheamh aimsire) trí úsáid a bhaint as d’fhuinneamh féin lena n-áirítear siúl (lena n-áirítear úsáideoirí cosán) nó rothaíocht mar chuid d’aistear chuig scoil, siopa nó an turas chun na hoibre.

Gné riachtanach d'aon chóras iompair chomhtháite é freastal ar riachtanais rothaithe agus coisithe. Sainaithnítear i gcuid de straitéis forbartha inbhuanaitheachta an Rialtais, Forbairt Inbhuanaithe – Straitéis d'Éirinn, soláthar méadaithe lánaí rothaíochta agus áiseanna níos sábháilte le haghaidh coisithe mar phríomhthosaíocht. Ba cheart rotharbhealaí agus bealaí sábháilte do choisithe a spreagadh mar chuid de na scéimeanna dearaidh le haghaidh forbairt chónaithe, oideachais, fostaíochta agus caitheamh aimsire.

### 14.3.4.1 Glasbhealaí

Le cois bonneagar reatha siúil agus rothaíochta an Chontae, tá an Chomhairle airdeallach ar an bpoitéinseal a bhaineann le seanlínte iarnróid Chiarraí agus naisc phoitéinsiúla eile a d'fhéadfadh feidhmiú mar Ghlasbhealaí le haghaidh bealaí siúil agus rothaíochta. Tá roinnt seanlínte iarnróid i gCiarraí, forbartha cheana féin agus baineann poitéinseal forbartha le cuid eile, seanlínte iarnróid a bhféadfaí iad a fhorbairt mar 'glasbhealaí'. (Tá liosta táscach le fáil i dTábla 14.2) Dá réir sin, leanfaidh an Chomhairle chun bealaí a leithéid sin de ghlasbhealaí poitéinsiúla a chosaint trí bheartais an phlean seo agus oibreoidh an Chomhairle go gníomhach le gach páirtí leasmhar chun forbairt Glasbhealaí agus bealaí siúil agus rothaíochta ar fud an Chontae a éascú.

Tá Straitéis Glasbhealaí forbartha ag an gComhairle le haghaidh forbairt bealaí ar fud an chontae amach anseo. Déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go mbeidh glasbhealaí á bhforbairt ar bhealach comhordaithe agus nasctha. (Féach ar Chaibidil 10 má theastaíonn tuilleadh faisnéise maidir le Glasbhealaí uait)




**Mapa 14.1: Straitéis Glasbhealaí Chomhairle Contae Chiarraí**

| *Ó* | *Go dtí* |
|---|---|
| Lios Tuathail | Baile an Bhuinneánaigh |
| Trá Lí | Mainistir na Féile (Co. Luimnigh) trí Lios Tuathail |
| Trá Lí | An Fhianait |
| Trá Lí | Daingean Uí Chúis/Caisleán Ghriaire |

| | |
|---|---|
| Gort an tSléibhe | Oileán Ciarraí |
| An Fearann Fuar | Cathair Saidhbhín/An Rinn Aird |
| Áth Cinn | Neidín |

**Tábla 14.2: Seanlínte Iarnróid i gCiarraí**

| **Taisteal Gníomhach agus Glasbhealaí:<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-8** | Tacú le haistriú ón gcarr príobháideach a úsáid go dtí níos mó úsáide a bhaint as taisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht) agus iompar poiblí |
| **KCDP 14-9** | Leanúint ar aghaidh ag obair le soláthraithe iompair, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha chun comhtháthú taistil ghníomhach (siúl, rothaíocht) le hiompar poiblí a éascú.. |
| **KCDP 14-10** | Tacú le Pleananna Soghluaisteachta Iompair do Thrá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail agus iad a éascú agus tacú le rolladh amach ina dhiaidh sin bonneagar gaolmhar le Taisteal Gníomhach sna bailte seo. |
| **KCDP 14-11** | Gréasán comhtháite rotharbhealaí a fhorbairt de réir an Lámhleabhair Náisiúnta Rothaíochta agus NTA, gréasán comhtháite de rotharbhealaí inár n-ionaid uirbeacha níos mó, chun tréscaoilteacht a chinntiú laistigh de agus idir ceantair chónaithe, a nascann le lár bailte, scoileanna agus ionaid oibre atá bunaithe ar eolas atá le fáil i bPleananna Soghluaisteachta Iompair do Thrá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail. |
| **KCDP 14-12** | Conairí iarnróid bunaithe/stairiúla a chosaint ar fud an Chontae le haghaidh forbairt caitheamh aimsire. |
| **KCDP 14-13** | Tacú le forbairt inbhuanaithe an ghréasáin cosáin phoiblí, na siúlbhealaí agus rotharbhealaí agus an bonneagar gaolmhar sa Chontae, lena n-áirítear áit ar féidir, iarfheistiú rotharbhealaí agus bealaí do choisithe sa ghréasán bóithre uirbeacha reatha agus i ndearadh bóithre nua. |
| **KCDP 14-14** | A chinntiú go bhfuil an straitéis seo a leanas á comhlíonadh ag na tograí ar fad le haghaidh glasbhealaí nua: Straitéis le haghaidh Forbairt Thodhchaíocha Glasbhealaí (DTTAS, 2017) agus tá siad faoi réir measúnú timpeallachta roimh ré. |
| **KCDP 14-15** | Tacú le hinrochtaineacht ar bhealaí siúil le haghaidh daoine de gach aois agus daoine faoi mhíchumas. |
| **KCDP 14-16** | Soláthar áiseanna slí glas agus taisteal agus gníomhach páirceála rothar i lonnaíochtaí an chontae a éascú agus tacú leo. |
| **KCDP 14-17** | Máistirphlean a fhorbairt le haghaidh gach cosán agus glasbhealach rothaíochta sa chontae agus nascacht a fheabhsú laistigh den réigiún le haghaidh siúlbhealaí agus rothaithe comaitéara sa bhreis ar fheidhmeanna áineasa caitheamh aimsire. |

### 14.3.3 Comhtháthú Talamhúsáide & Pleananna Iompair Áitiúil

Baineann fíorthábhacht le soláthar bonneagar iompair a ardchaighdeán agus cosaint an ghréasáin iompair fairsing reatha i gContae Chiarraí i ndáil le forbairt shocheacnamaíoch an chontae agus cinnteoidh sé seo leibhéil seirbhíse, inrochtaineacht agus nascacht ar ardchaighdeán d'úsáideoirí iompair. Tá Ciarraí suite go straitéiseach feadh Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh agus feadh bhord farraige an iardheiscirt, tá aerfort

idirnáisiúnta ann, mar aon le hiarnród agus gréasáin bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar ardchaighdeán. Tá buntáiste suntasach ag an gcontae laistigh de réigiún an iardheiscirt, chomh fada is a bhaineann le suíomh agus sócmhainní geilleagracha. Ní mór na buntáistí seo a fhorbairt de réir bhainistíocht agus fhorbairt straitéiseach bonneagar riachtanach eile, agus ag an am céanna, aird a thabhairt ar fhreagrachtaí timpeallachta agus reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta a chomhlíonadh. Tá tús áite á thabhairt sa phlean seo d'fheabhsú inbhuanaithe an ghréasáin bhonneagair fhisiciúil reatha laistigh den chontae agus tá iarracht á déanamh aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin, trí bhreis tacaíochta agus cur chun cinn modhanna iompair níos inbhuanaithe i gceantair uirbeacha agus thuaithe.

Ullmhóidh an Chomhairle Pleananna Iompair Áitiúla (PIAnna) do phríomhbhailte Thrá Lí agus Chill Airne, bunaithe ar threoir Mheasúnú Iompair Cheantarbhunaithe (ABTA) curtha i dtoll a chéile ag NTA agus ag Bonneagar Iompair Éireann (TII). Beidh PIAnna bunaithe ar thacar soiléir cuspóirí agus cuimseofar iontu tosaíochtaí le haghaidh gach lonnaíochta i dtéarmaí bonneagar iompair phoiblí agus seirbhísí, infheistíocht rothaíochta, feabhsuithe ar thimpeallacht coisithe agus feabhsuithe bóithre. Beidh LTPanna agus LAPanna ailínithe chun comhtháthú talamhúsáide agus iompair a chumasú thar shaolré an phlean seo.

| Comhtháthú Talamhúsáide & Pleananna Iompair Áitiúil<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é: | |
|---|---|
| **KCDP 14-18** | Tacú le cur chuige comhtháite maidir le pleanáil talamhúsáide agus iompair agus é a spreagadh trí chur chun feidhme na bPleananna Ceantair Áitiúla. |
| **KCDP 14-19** | Rochtain a fheabhsú le haghaidh úsáideoirí bóithre leochaileacha agus daoine faoi mhíchumas ar gach modh iompair agus ar an tslí sin áiseanna iompair do gach úsáideoir a mhéadú agus a fheabhsú. |
| **KCDP 14-20** | Príomhshócmhainní iompair an Chontae a chosaint agus a fhorbairt go hinbhuanaithe lena n-áirítear calafoirt, Aerfort Chiarraí agus conairí straitéiseacha bóithre agus iarnróid. |
| **KCDP 14-21** | Tacú le forbairt inbhuanaithe gach nasc iompair laistigh agus lasmuigh den Chontae i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla in aice láimhe chun modhanna iompair difriúla a chomhtháthú. |
| **KCDP 14-22** | Pleananna Iompair Áitiúil a ullmhú le haghaidh Príomhbhailte agus lonnaíochtaí eile más cuí, a bheidh ailínithe le agus comhtháite le Pleananna Ceantair Áitiúla ábhartha. |

## 14.4 Gréasán Bóithre

Tá an Chomhairle tiomanta go láidir do thacú le modhanna inbhuanaithe taistil lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus más an t-athrú córa iompair a athrú ón gcarr príobháideach, más féidir. Tuigeann an Chomhairle, áfach, gur modh iompair a bheidh sa charr príobháideach as seo go ceann i bhfad.

Íoslaghdaíonn soláthar nasc ceart seachtrach bonneagar bóithre ón gContae chuig gréasáin bhonneagair náisiúnta agus idirnáisiúnta tionchar na himeallachta go suntasach. Ciallaíonn soláthar an bhonneagair bóithre go bhfuil an Contae níos mealltaí chun tionscal a lonnú ann agus mar shuíomh inar féidir le daoine a bheith ina gcónaí ann, ag obair ann agus ag soláthar fostaíochta ann.


Tá an gréasán bóithre iomlán sa Chontae rangaithe de réir ceithre rangú ar leith: Príomhbhóithre Náisiúnta, Bóithre Náisiúnta den Dara Grád, Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla atá thart ar 4,880km ar fad. Tá dlús daonra íseal i gContae Chiarraí agus an leibhéal réasúnta uirbithe mar bhonn leis an leibhéal ard spleáchais atá ar bhonneagar bóithre an Chontae. Ó glacadh leis an bPlean Forbartha Contae deiridh in 2015 tá roinnt tionscadal bonneagair curtha i gcrích nó tosaithe laistigh den Chontae. Áirítear i measc na samplaí, oscailt Scéim

Feabhsúcháin an N86 - Lios Póil go Baile na Saor Íochtarach agus Baile Mhic Gearóid go dtí Bóthar an Champa in 2018, agus Scéim Feabhsúcháin an N70 - Cora Chill Doire idir Baile an Mhuilinn agus Cill Orglan.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an ról atá aici i soláthar inbhuanaithe bonneagar fisiciúil a chur ar fáil nó a éascú chun tacú le daonra reatha agus todhchaíoch an Chontae agus le fás geilleagrach agus go háirithe trí naisc idir príomhbhailte Thrá Lí agus Chill Airne agus na cathracha sa Réigiún (Corcaigh agus Luimneach) a sholáthar.

Is ionann nádúr cósta an chontae, cé go n-aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil tírdhreach álainn ann, agus dúshlán ar leith i ndáil le bóithre. Tá go leor bóithre cosúil leis an N86 (Trá Lí – Daingean Uí Chúis), an N70 / N71 (Mórchuaird Chiarraí), R561 - Caisleán na Mainge go dtí Abhainn an Scáil agus bealach turasóireachta an R549 / R559 - Ceann Sléibhe leochaileach don athrú aeráide agus d'iarmhairtí an athraithe sin le haghaidh naisc chuig bailte lena n-áirítear Daingean Uí Chúis, Neidín agus Cill Orglan agus a gcúlchríocha tuaithe.

Léirítear ar Mhapa 14.2 an gréasáin iompair straitéisigh atá ag freastal ar agus ag nascadh na bPríomhbhailte, an triantán Eolais, bailte eile sa Chontae agus Cúlsoláthar Talún Tionsclaíoch Thairbirt / Bhéal Átha Longfoirt.




**Mapa 14.2: Gréasán Iompair Straitéisigh**

Liostaítear sa Straitéis Spásúlachta agus Gheilleagrach Réigiúnach na príomhthionscadail bhonneagair atá riachtanach le haghaidh forbairt chothromaithe an Réigiúin agus leagtar béim iontu ar an nasc idir soláthar bonneagair agus pleanáil talamhúsáide. Ag cur lena bhfuil sonraithe in RSES, cuimsítear sna ceanglais le haghaidh bóithre tosaíochta don Chontae thar thréimhse an phlean, 2022-2028 agus níos faide anonn, na Scéimeanna seo a leanas atá liostaithe i dTábla 14.3.

| **Tionscadail Príomhbhóithre Náisiúnta/Bóithre den Dara Grád** |
|---|
| N21/N22 - Trá Lí go Teorainneacha an Chontae |
| N22 - An Fearann Fuar go Cill Airne lena n-áirítear an N22/N71 - Nasc an Deiscirt |
| N23 - Oileán Ciarraí go An Fearann Fuar |
| N21 - Seachbhóthar Mhainistir na Féile |
| N22 - Feabhsuithe ar Acomhal Chill Airne (Bóthar an Lobhaoisigh Uachtarach, Achadh Deo, Cúil Chaisleach & Baile Uí Chaisín) |
| N69 - Seachbhóthar Lios Tuathail |
| N70 - Seachbhóthar Bhaile an Mhuilinn |
| N70/N72 - Seachbhóthar Chill Orglan |
| N67 - Tairbeart go *Ferry* |
| N69 - Trá Lí go Tairbeart |
| N70 - Trá Lí go Cill Orglan & N70 - Cill Orglan-Cathair Saidhbhín-Neidín |
| N71 - Cill Airne-Neidín (Tolláin) |
| N72 - Cill Orglan go dtí An Ráth Mhór |
| N86 - Trá Lí go Daingean Uí Chúis |
| **Bóithre Neamhnáisiúnta** |
| Bóthar Faoisimh Thrá Lí (Céim 1 agus 2) |
| Bóthar Faoisimh Laistigh Chill Airne |
| Bóthar Faoisimh Dhaingean Uí Chúis (Céim 5) |
| Bóthar Faoisimh Neidín (Céim 2) |
| Bóithre Ceangail Straitéiseacha Chill Airne |
| R558 - Trá Lí go An Fhianait (Céim 2 agus 3) |
| Bóthar Faoisimh Laistigh Thrá Lí - An Chlais go dtí Baile an Mhuilinn Céim 2 |
| R561 - Caisleán na Mainge go Abhainn an Scáil |
| R549 / R559 - Bealach turasóireachta Cheann Sléibhe |

**Tábla 14.3: Tionscadail Bonneagair Bóithre Tosaíochta**

| Gréasán Bóithre: Is cuspóir de chuid na Comhairle é: | |
|---|---|
| **KCDP 14-23** | An infheistíocht shuntasach atá déanta sa bhonneagar geilleagrach straitéiseach a chosaint, go háirithe an gréasán bóithre, an líne iarnróid go dtí Trá Lí agus mórthionscadail uisce agus fuíolluisce, trí thacú le patrúin forbartha agus lonnaíochta oiriúnacha agus trí thalamhúsáid agus gníomhaíochtaí iompair a chomhtháthú. |
| **KCDP 14-24** | Infheistíocht Chobhsaí Stáit inár ngréasán bóithre reatha a threisiú d'fhonn a chinntiú go bhfuil gréasáin reatha á gcothabháil ag ardleibhéal chun caighdeáin ardleibhéil sábháilteachta, seirbhíse, inrochtaineachta agus nascachta a sholáthar d'úsáideoirí i ompair gach modh iompair |
| **KCDP 14-25** | Soláthar inbhuanaithe gach tionscadal bonneagair bóithre a sholáthar nó a éascú mar atá sonraithe i dTábla 14.3 agus tús áite a thabhairt don bhonneagar atá ag freastal ar Phríomhbhailte. |
| **KCDP 14-26** | Tacú le forbairt Sheach-chonairí Áth Dara, an Chaisleáin Nua agus Mhainistir na Féile agus athailíniú an N21 mar nascphasáiste straitéiseach idir Co. Chiarraí agus Co. Luimnigh agus tacú le cur i gcrích Sheach-chonair Mhaigh Chromtha agus tuilleadh feabhsuithe agus ath-ailínithe ar chonair an N22. |

### 14.4.1 Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Cuimsítear sa ghréasán bealaí náisiúnta na Príomhbhóithre Náisiúnta agus na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád laistigh den Chontae. Baineann mórthábhacht gheilleagrach leis na bealaí seo, nascann siad an Contae le hionaid agus calafoirt mhóra agus is príomhbhealaí tráchta tábhachtacha iad laistigh den Chontae.

Baineann tábhacht shuntasach turasóireachta leis na bealaí seo mar gheall ar na tírdhreacha atá á dtrasnú acu agus, i suíomhanna áirithe baineann tábhacht shuntasach turasóireachta le nádúr iata chonair na mbóithre agus cóireáil chiumhais, ach is é an príomhról atá acu feidhmiú mar chonairí iompair agus geilleagracha.

Is cuspóir foriomlán de chuid an Phlean é foráil a dhéanamh le haghaidh fás cothrom ar fud an Chontae trí thacú le neartú na bpobal tuaithe agus bonneagar inbhuanaithe a sholáthar chun jabchruthúchán inbhuanaithe a éascú sna ceantair seo. Is gné thábhachtach den bhonneagar seo é an gréasán bóithre ar fud an Chontae agus go háirithe an gréasán bóithre náisiúnta. Tá sé riachtanach go bhfuil siad á gcothabháil ag na caighdeáin is airde agus is féidir agus go bhfuil lántairbhe á baint as a n-éifeachtúlacht, sábháilteacht agus acmhainn iompair. Laghdaíonn cruthú na mbealaí isteach breise ar na bóithre seo a n-acmhainn iompair agus sábháilte agus tá sé contrártha leis an gcuspóir foriomlán atá ann an bonneagar atá ag freastal ar cheantair thuaithe a fheabhsú.

Tá Plean Gníomhaíochta maidir le Torann ullmhaithe ag Comhairle Contae Chiarraí, an tÚdarás Pleanála Gníomhaíochta ainmnithe faoi Ionstraim Reachtúil 549 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2018 (Torann Timpeallachta) chun déileáil le torann ó phríomhbhóithre sa chontae ar a bhfuil sruthanna tráchta níos mó ná 3 mhilliún feithicil sa bhliain. Tá tuilleadh eolais maidir leis seo le fáil i gCaibidil 11 Timpeallacht.

#### 14.4.1.1 Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta

Ní bhreithneofar bealach rochtana nó treisiú úsáide bealach rochtana reatha ar Bhóthar Náisiúnta ach sa chás go bhfuil *Treoirlínte Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta (DoECLG Eanáir 2012)* á gcomhlíonadh. Tá cur síos déanta ar an méid seo a leanas i Rannóg 2.5/2.6 de na treoirlínte:

<u>Tailte atá buailte ar Bhóithre Náisiúnta ar a bhfuil luasteorainneacha níos mó ná 60 km/h</u>

Is Cuspóir de chuid an Phlean é cruthú aon phointe rochtana breise ó fhorbairt nua nó cruthú trácht méadaithe ó bhealaí rochtana reatha chuig bóithre náisiúnta ar a bhfuil luasteorainneacha níos mó ná 60 km/h. Baineann an fhoráil seo le gach catagóir forbartha, lena n-áirítear tithe aonair i gceantair thuaithe, beag beann ar imthosca tithíochta an iarratasóra.

Criosanna Idirthréimhseacha


D'fhéadfaí rochtain ar Bhóithre Náisiúnta gar do nó in aice le bealach scoir ó ionaid uirbeacha atá faoi réir luasteorainn de 60 km/h roimh teorainn 50 km/h níos ísle (ar a dtugtar criosanna idirthréimhseacha freisin) a bhreithniú faoi réir iniúchadh sábháilteachta bóithre agus de réir fhoilseachán TII dar teideal *The Treatment of Transition Zones to Towns and Villages on National Roads DN-GEO-03084 (2018).*

Beidh iomadú a leithéid sin de bhealaí isteach, a bheadh mar bhonn le laghdú ar ról a leithéid sin de chriosanna, á rialú go cúramach.

Tailte Buailte ar Bhóithre Náisiúnta laistigh de Luasteorainneacha 50 km/h

Breithneofar rochtain ar bhóithre náisiúnta de réir na ngnáthchritéar maidir le sábháilteacht ar bhóithre, bainistíocht tráchta agus dearadh uirbeach le haghaidh limistéar foirgnithe.

| **Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-27** | Acmhainn agus sábháilteacht an ghréasáin Bóithre Náisiúnta agus gréasán na mBóithre Réigiúnacha lena mbaineann Tábhacht Straitéiseach sa Chontae agus comhlíontacht agus cloí le forálacha bheartas oifigiúil an Rialtais atá sonraithe i dTreoirlínte Aireachta Alt 28 'Treoirlínte Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála' (DoECLG, 2012) chun acmhainn iompair agus sábháilteacht Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád a chosaint. |
| **KCDP 14-28** | Cruthú aon phointe rochtana breise ó fhorbairt nua nó cruthú trácht méadaithe ó bhealaí rochtana reatha chuig Bóithre Náisiúnta ar a bhfuil luasteorainneacha níos mó ná 60 km/h. Baineann an fhoráil seo le gach catagóir forbartha, lena n-áirítear tithe aonair i gceantair thuaithe, beag beann ar imthosca tithíochta an iarratasóra. |
| **KCDP 14-29** | Breithniú a dhéanamh ar thograí le haghaidh rochtain ar Bhóithre Náisiúnta gar do nó in aice le bealach scoir ó ionaid uirbeacha atá faoi réir luasteorainn de 60 km/h roimh teorainn 50 km/h níos ísle (ar a dtugtar criosanna idirthréimhseacha freisin) a bhreithniú faoi réir iniúchadh sábháilteachta bóithre agus de réir fhoilseachán TII dar teideal; The Treatment of Transition Zones to Towns and Villages on National Roads DN-GEO-03084 (2018). |
| **KCDP 14-30** | Tailte a choimeád agus cosc a chur ar fhorbairt i limistéir sainaitheanta le haghaidh soláthar agus feabhas láithreach agus fadtéarmach bóithre ar fud an Chontae agus tógáil bóithre de réir mar atá sonraithe i dTábla 14.3. |
| **KCDP 14-31** | Freagairt dearaidh comhréireach a chinntiú i ndáil leis an riachtanas sainaitheanta le haghaidh na dtionscadal atá liostaithe i dtábla 14.3 chun tionchar na scéime ar chonairí bóithre agus bealaí turasóireachta uathúla a íoslaghdú. |




**Mapa 14.3: Bealaí Turasóireachta**

### 14.4.2 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Baineann fíorthábhacht leis na bealaí seo, nascann siad bóithre náisiúnta le bailte agus sráidbhailte agus leis na ceantair thuaithe eile laistigh den Chontae.

Is é beartas an Phlean leanúint leis na hoibreacha leanúnacha uasghrádaithe, treisithe agus feabhais ar gach bóthar réigiúnach & áitiúil ar bhealach inbhuanaithe de réir chuspóirí an Phlean agus i gcomhréir leis na Cláir Bóithre bliantúla.

| **Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-32** | Tacú le huasghrádú, treisiú agus feabhas an ghréasáin Bóithre Réigiúnacha reatha, lena n-áirítear scéimeanna bóithre agus seachbhóithre atá sonraithe i dTábla 14.3. |
| **KCDP 14-33** | An gréasán bóithre a threisiú agus a fheabhsú go hinbhuanaithe lena n-áirítear naisc, seachbhóithre agus bóithre faoisimh agus tús áite a thabhairt do na bóithre sin atá ag freastal ar Phríomhbhailte agus Bailte Réigiúnacha/Dúiche agus an t-idirnasc idir a leithéid sin de lonnaíochtaí. |
| **KCDP 14-34** | Córas bóithre sábháilte a sholáthar ar fud an Chontae trí Scéimeanna Sábháilteachta ar Bhóithre agus tacú le cur chun cinn sábháilteacht ar bhóithre sa Chontae. |

| | |
|---|---|
| **KCDP 14-35** | Uasghrádú agus feabhsú mórbhealaí turasóireachta ar fud an Chontae a éascú (mar atá le feiceáil ar Mhapa 14.3) lena n-áirítear athailínithe, soláthar fodhlíthe, ionaid amhairc, láithreachta picnicí agus feabhsú méar eolais agus bealaí rochtana chuig láithreachta inspéise, ag suíomhanna oiriúnacha agus ar bhealach inbhuanaithe feadh bealaí turasóireachta dá leithéid. |

### 14.4.3 Soláthar Páirceála

Tá soláthar páirceála oiriúnach ar fud an Chontae riachtanach le haghaidh feidhmiú ceart lonnaíochtaí agus rochtain ar sheirbhísí. Is den tábhacht é, nuair a bhíonn carrchlóis nua á láithreánú agus á ndearadh, go ndéantar gach iarracht caighdeán an fhearainn phoiblí a chothabháil. Ní mór, áfach, go mbeadh cothromaíocht idir soláthar spásanna páirceála do charranna i láir Bailte agus oibleagáidí spleáchas foriomlán ar an gcarr a laghdú agus astaíochtaí $C0_2$ a laghdú chun spriocanna athraithe Aeráide a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, tá carrchlóis ag teastáil i gcomhthéacs tuaithe le haghaidh áiseanna agus saoráidí caitheamh aimsire agus brú gaolmhar a bhainistiú. Ní mór na spásanna páirceála seo a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe trí aird a thabhairt ar ainmniúcháin timpeallachta agus éifeachtaí ar an tírdhreach a íoslaghdú. San áit a mbíonn páirceáil séasúrach smaoineofar ar áiseanna agus réitigh ar bhonn sealadach chun an tionchar comhshaoil a laghdú

Ní gá go mbeadh caighdeáin uilíocha le haghaidh spásanna páirceála do charranna infheidhme i ngach imthosca i lár bailte/sráidbhailte. Déanfar iarratais agus forbairtí a mheas cás ar chás.

Éascóidh an Chomhairle laghdú chaighdeán na spásanna páirceála do charranna le haghaidh tograí cóiríochta 'na scéime um chónaí os cionn an tsiopa' agus forbairtí eile athraithe úsáide/athghiniúna i suíomhanna i lár bailte (M2), sa chás go mbreithníonn an tÚdarás Pleanála go bhfuil a leithéid oiriúnach. Os a choinne sin, ní bheidh caighdeáin spásanna páirceála do charranna i bhfeidhm le haghaidh forbairtí atá suite i gcroílimistéir mhiondíola ainmnithe (mar atá le feiceáil ar phleananna baile & Pleananna ceantair áitiúla).

Tá Straitéis Pháirceála don chontae á hullmhú ag an gComhairle i láthair na huaire. Áirítear i measc na bPríomhdhúshlán a ndírítear orthu sa straitéis seo tacú le hathghiniúint lár na cathrach agus aistriú córa iompair agus ag an am céanna freastal ar riachtanais ghnó, Láir Bailte a dhéanamh níos inrochtaine, spriocanna a chomhlíonadh le haghaidh pointí luchtaithe feithiclí leictreacha agus bonneagar páirceála a fheabhsú le haghaidh príomhláithreáin/príomhbhealaí Turasóireachta. Chomh maith leis sin, tacóidh an Straitéis le tús a chur le húsáid a bhaint as roghanna íocaíochta gan airgead tirim agus roghanna íocaíochta ar líne, trí tháillí a shonrú, breis spásanna páirceála eas-sráide a chur ar fáil agus rochtain 'páirceáil agus siúl' ar láir bailte agus ceantair atá i mbaol plódú tráchta.

| **Soláthar Spásanna Páirceála<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-36** | Tacú le soláthar inbhuanaithe áiseanna páirceála poiblí do gach úsáideoir ag suíomhanna oiriúnacha, lena n-áirítear spásanna páirceála do bhusanna agus feithiclí leictreacha laistigh de agus ar imeall bailte agus sráidbhailte le haon riachtanas ainmnithe comhshaoil. |
| **KCDP 14-37** | Tacú le soláthar áiseanna luchtaithe leictreacha i gcarrchlóis atá á gcur ar fáil mar chuid d'fhorbairtí móra tráchtála nó tionsclaíocha. |

### 14.4.4 Comharthaí Cois Bóthair

Tá aird á tabhairt ag Comhairle Contae Chiarraí ar fhorálacha Bheartas DoECLG maidir le Soláthar Comharthaí Turasóireachta & Áineasa ar Bhóithre Náisiúnta (Márta 2011) agus Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta, (An Roinn Iompair, 2010) nuair a bhíonn comharthaí á gcrochadh ar gach bóthar.

Go ginearálta baineann comharthaí bóthair le gnó tráchtála agus le cóiríocht do thurasóirí agus teastaíonn ceadúnas (a athnuaitear ar bhonn bliantúil) le haghaidh comharthaí príobháideacha ar bhóithre poiblí. Ní cheadúnófar comharthaí príobháideacha mura ndéanann siad damáiste do thaitneamhacht amhairc, tírdhreach, mura gcruthaíonn siad iomarcaíocht amhairc nó guais tráchta i gceantar. Is é beartas Chomhairle Contae Chiarraí a chinntiú go mbeidh Gaeilge agus Béarla in úsáid ar chomharthaí. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí iarracht gach comhartha neamhúdaraithe a bhaint anuas. Tá beartas mionsonraithe maidir le crochadh comharthaí le fáil i rannóg Bhainistíocht, Chaighdeáin agus Threoirlínte Forbartha an Phlean – Imleabhar 6.

| **Comharthaí Cois Bóthair<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-38** | Forálacha Bheartas DoECLG maidir le Soláthar Comharthaí Turasóireachta & Áineasa ar Bhóithre Náisiúnta (Márta 2011) agus Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta, (An Roinn Iompair, 2010) a chomhlíonadh. |
| **KCDP 14-39** | Iarracht a dhéanamh gach comhartha agus fógra neamhúdaraithe atá crochta ar chiumhaiseanna cois bóthair agus ar thailte príobháideacha a bhaint anuas. |
| **KCDP 14-40** | Tacú le forbairt modhanna líonraithe ilmheáin agus sóisialta le haghaidh faisnéis treo agus turasóireachta. |

### 14.5 Iompar Poiblí

Tá Comhairle Contae Chiarraí airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar agus éascóidh an Chomhairle soláthraithe seirbhísí iompair más cuí chun seirbhísí a fhorbairt agus feabhsuithe a chinntiú i ndáil le caighdeán na seirbhísí atá á dtairiscint. Ní mór fás amach anseo, a bhaineann le fostaíocht agus forbairt chónaithe a bhunú ar mhodhanna inbhuanaithe iompair.

Tá ról suntasach, go háirithe ag infhaighteacht iompar tuaithe poiblí ar leithlisiú tuaithe a chomhrac agus feidhmíonn an infhaighteacht sin mar fhoinse spreagtha chun samhlacha comhpháirtíochta a chruthú, ag gach leibhéal, áit a nglacann príomhearnálacha páirt ghníomhach i soláthar iompair, chun comhionannas rochtana a chinntiú le haghaidh gach duine. Soláthraíonn an tseirbhís luachmhar seo rochtain ar sheirbhísí poiblí, áiseanna fostaíochta, oiliúna, sláinte agus sóisialta. Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar agus ó shuíomhanna tuaithe a fheabhsú, tacaíonn an Chomhairle le síneadh a chur leis an gClár Iompair Tuaithe agus le tionscnaimh eile dá leithéid, a fhreagraíonn do riachtanais iompair áitiúla ar fud an Chontae. Éascóidh agus tacóidh Comhairle Contae Chiarraí le NTA nuair a bheidh a Straitéis Iompair Contae á hullmhú.

Athbhreithneoidh an Chomhairle, i gcomhpháirt le soláthraithe seirbhíse eile, an ceanglas a bhaineann le seirbhís Páirceáil agus Taisteal sa Chontae, agus breithneofar an ceantar taobh leis an N21, N69 agus N86 i gCill Airne, Lios Tuathail agus Daingean Uí Chúis. Spreagann saoráidí Páirceála agus Taistil athrú chun iompar poiblí a úsáid, plódú tráchta agus éileamh ar spásanna páirceála a laghdú agus is comhpháirt riachtanach iad chomh fada is a bhaineann le spriocanna athraithe aeráide a chomhlíonadh.

| **Iompar Poiblí<br>Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** |
|---|

| | |
|---|---|
| **KCDP 14-41** | Tacú le soláthar inbhuanaithe córas iompair phoiblí iontaofa, comhtháite, ísealcharbóin agus costéifeachtach don Chontae. |

### 14.5.1 Iompar ar Iarnród

Baineann tábhacht le forbairt an ghréasáin iarnróid i ndáil le forbairt gheilleagrach agus shóisialta an Chontae a fheabhsú agus forbairt réigiúnach chothrom a chinntiú. Dá réir sin, tacóidh an Chomhairle le beartas talamhúsáide, tograí forbartha agus straitéisí iompair amach anseo a chinnteoidh inmharthanacht seirbhís iarnróid idir ionaid daonra. Tá sé mar aidhm ag Iarnród Éireann ina dhoiciméad beartais straitéiseach "*Rail Vision 2030: The Future of Rail Transport in Ireland*" iarracht a dhéanamh foráil le haghaidh chothabháil agus athnuachan an bhonneagair iarnróid reatha. Chomh maith leis sin, déanann siad iarracht a chinntiú nach mbeidh "damáiste" á dhéanamh don tsócmhainn le himeachta ama de bhrí go bhfuil ról lárnach ag an ngréasán náisiúnta Idirchathrach agus comaitéireachta i bhforbairt gheilleagrach a chur chun cinn.

Is nascphointe fíorthábhachtach idir Ciarraí agus cathair Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí é bealach iarnróid Bhaile Átha Cliath/Chorcaí-Mhala-Thrá Lí agus foinse nascachta le haghaidh phobal Chiarraí agus turasóirí a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar an gContae.

| **Iompar ar Iarnród**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-42** | Tacú le soláthar gréasán iarnróid, seirbhís comaitéireachta agus oibreacha coimhdeacha ar ardchaighdeán le haghaidh iompar paisinéirí agus carráiste chuig, ó agus laistigh den Chontae. |
| **KCDP 14-43** | Tacú le agus infheistíocht sa ghréasán iarnróid a éascú lena n-áirítear (i) cothabháil, feabhsú agus treisiú an ghréasáin iarnróid, (ii) uasghrádú agus nuachóiriú saoráidí bonneagair agus paisinéirí, (iii) áiseanna idirnaisc rothaíochta/páirceáil agus taisteal agus nasc idir córacha iompair agus gréasáin iarnróid agus (iv) crosairí comhréidh a bhaint chun amanna turais a fheabhsú. |
| **KCDP 14-44** | Gach líne iarnróid reatha nó stairiúil agus saoráidí gaolmhara a chosaint ó athfhorbairt le haghaidh cúiseanna gaolmhara neamhiompair chun a n-úsáid phoitéinsiúil amach anseo mar ghréasán iompair oibríochtúil a chosaint nó le haghaidh rotharbhealaí/siúlbhealaí. |

### 14.5.2 Iompar Bus

Is gné riachtanach d'fhorbairt córas bus ar ardchaighdeán mar rogha ar úsáid a bhaint as carr príobháideach de chóras iompair talamhúsáide comhtháite agus cothrom.

Chomh maith leis sin, tá ról riachtanach sóisialta ag seirbhísí bus i bpobail tuaithe, chun ceantair thuaithe a nascadh le lonnaíochtaí agus seirbhísí riachtanacha cosúil le scoileanna agus cúram sláinte. Soláthar Seirbhísí Iompair *Local Link* seirbhís luachmhar chun pobail thuaithe a nascadh leis na bailte agus sráidbhailte. Tá minicíocht na seirbhíse seo íseal i gceantair áirithe, áfach. Tá na seirbhísí bus atá le fáil feadh na bpríomhchonairí iompair a nascann Trá Lí agus Cill Airne éifeachtúil agus tá seirbhísí laethúla rialta ar fáil idir Príomhbhailte agus bailte réigiúnacha eile a sholáthraíonn an príomhnasc iompair phoiblí. Cruthaíonn seirbhísí annamha dúshlán, áfach, maidir le haistriú córa iompair chuig iompar poiblí a chinntiú sna lonnaíochtaí imeallacha tuaithe agus níos lú. Oibreoidh an Chomhairle i ndlúthpháirt le raon grúpaí forbartha pobail tuaithe agus páirtithe leasmhara gaolmhara chun ceanglais iompair bus amach anseo a shainaithint agus a chomhlíonadh.

| **Iompar Bus**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-45** | Forbairt agus leathnú Chlár Iompair Tuaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) a éascú |
| **KCDP 14-46** | Seirbhísí iompair phoiblí tuaithe feabhsaithe a éascú lena n-áirítear seirbhísí bus poiblí agus príobháideacha a chur ar fáil faoin gClár Iompair Tuaithe agus bonneagar bus feabhsaithe lena n-áirítear stadanna/scáthláin bhus ag suíomhanna oiriúnacha. |
| **KCDP 14-47** | Tacú le NTA le Straitéis Iompair Chontae agus Pleananna Iompair Áitiúla a ullmhú. |

## 14.6 Aeriompar

Tá an tÚdarás Áitiúil airdeallach ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hAerfort Idirnáisiúnta Chiarraí (KIA) agus Aerfoirt na Sionainne agus Chorcaí mar phríomhfhachtóir i ndáil le tacú le forbairt gheilleagrach an Chontae. Fiú amháin i rith tréimhsí nuair a bhíonn go leor daoine ag dul ar imirce chun poist a fháil thar lear, soláthraíonn sé nasc riachtanach a chuireann ar chumas teaghlach a bheith nasctha lena chéile ar bhonn rialta.

Is sócmhainn straitéiseach thábhachtach é KIA sa Chontae a threisíonn naisc iompair ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Samhlaítear go gcuirfidh uasghrádú saoráidí aerfoirt amach anseo le poitéinseal an aerfoirt níos mó paisinéirí a mhealladh agus ar an tslí sin a chinntiú go bhfuil an Contae níos inrochtaine do mhoil iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

Spreagann agus tacaíonn aeriompar le gníomhaíocht gheilleagrach níos ginearálta trí nascacht agus tá sé riachtanach i gcomhthéacs gnóthaí atá ag feidhmiú ag leibhéal idirnáisiúnta agus le haghaidh forbairt réigiún mar shuíomhanna gnó agus cinn scríbe turasóireachta. Tá naisc aeriompair sábháilte, slán agus iontaofa riachtanach chun todhchaí bhríomhar a chinntiú do phobail réigiúnacha agus áitiúla. Tá na naisc seo ríthábhachtach chun infheistíocht isteach a mhealladh agus tá siad mar bhonn le caighdeán saoil daoine atá ina gcónaí lasmuigh de na príomhchathracha a fheabhsú. Spreagfaidh an Chomhairle tuilleadh margaí isteach a fhorbairt. Tacóidh tuilleadh paisinéirí isteach ó na margaí seo poist reatha agus nua a chruthú agus tacóidh siad leis an ngeilleagar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, go háirithe an earnáil Turasóireachta.

Is den tábhacht é go sainaithníonn an t-aerfort deiseanna chun gnóthaí nua a mhealladh laistigh de mhargaí nideoige agus go sainaithnítear agus go dtacaítear le hinmharthanacht fhadtéarmach, i gcomhpháirt le comhlachtaí réigiúnacha, turasóireachta agus tionsclaíocha.

Baineann tábhacht le suíomh Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí i ndáil le Páirc Theicneolaíochta Chiarraí, agus ag croílár Mhol & Thriantán Eolais Chiarraí, d'fhonn a chinntiú go leantar le forbairt réigiúnach. Breithniúchán tábhachtach é go mbeadh rochtain éasca ag cuideachtaí ilnáisiúnta (ag forbairt agus ag feidhmiú ina n-iomláine sa Pháirc Theicneolaíochta) ar aerfort le seirbhísí chuig Baile Átha Cliath i gcomhthéacs sláinte gheilleagrach an réigiúin. Chomh maith leis sin, rachadh seirbhísí agus bealaí leathnaithe chun tairbhe an chontae, i dtéarmaí gnó agus turasóireachta.

Is é beartas na comhairle tacú le nascacht feabhsaithe idir contaetha agus forbairt Straitéis Trí-Aerfoirt le haghaidh Réigiún an Deiscirt (lena n-áirítear aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne) a bheidh ullmhaithe ag na páirtithe leasmhara ábhartha trí chomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Údarás Áitiúla, Údaráis Aerfoirt, TII, NTA agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i Réigiún an Deiscirt.

| **Aeriompar**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-48** | Tacú le forbairt inbhuanaithe Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí trí nascacht idirnáisiúnta/réigiúnach a bharrfheabhsú trí infheistíocht agus acmhainn mhéadaithe agus tairbhe a bhaint as na buntáistí geilleagracha gaolmhara níos leithne do Chiarraí agus don réigiún níos leithne. |
| **KCDP 14-49** | Tacú le soláthar bonneagair agus áiseanna ag Aerfort Idirnáisiúnta Chiarraí ionas gur féidir leis cabhrú leis tuilleadh forbairt a dhéanamh agus feidhmiú ag barr a chumais, agus ag an am céanna an tionchar ar na taitneamhachtaí áitiúla a chur san áireamh. |
| **KCDP 14-50** | Forbairt córas iompair idir córacha iompair chuig agus ón aerfort a éascú agus tacú leis. |
| **KCDP 14-51** | Straitéis chomhordaithe réigiúnach rochtana aeir a éascú agus tacú léi i gcomhar le hAerfoirt Idirnáisiúnta na Sionainne, Chorcaí agus Chiarraí. |
| **KCDP 14-52** | Tacú le slite Aerfoirt Chiarraí a leathnú go dtí Moil Aerfoirt Eorpacha |

## 14.7 Cuanta, Calafoirt & Céanna

Baineann tábhacht le bunú agus cothabháil cuanta, calafort agus céanna an Chontae i ndáil le bonn geilleagrach áitiúil ceantair. Tá go leor áiseanna dá leithéid le fáil feadh chósta Chiarraí. Baineann tábhacht straitéiseach go háirithe le hInbhear na Sionainne, Calafort na Fianaite, Calafort Dhaingean Uí Chúis agus Port Fhainge mar bhonn iascaireachta agus tráchtála. Cruthaíonn forbairt inbhuanaithe na saoráidí seo poitéinseal suntasach geilleagrach do cheantair imeallacha an chontae agus don réigiún trí chéile. Tá cothabháil agus forbairt na saoráidí seo lena n-áirítear rochtain bóthair riachtanach chun éifeachtacht leanúnach loingseoireachta agus oibríochtúil a chinntiú. Is cuspóir de chuid an phlean seo é dá réir sin oibreacha leantacha dreideála agus cothabhála ag na saoráidí seo a éascú.

Is naisc thábhachtacha idir Ciarraí, An Clár agus Dairbhre iad Báid Farantóireachta Thairbirt-Chill Íomaí agus Bád Farantóireachta Dhairbhre. Is comhpháirteanna tábhachtacha de bhealaí turasóireachta bunaithe iad na báid farantóireachta seo lena n-áirítear Bealach an Atlantaigh Fhiáin agus baineann tábhacht shuntasach gheilleagrach leo i gcomhthéacs a gcúlchríoch. Is cuspóir de chuid an phlean seo á leanúint le agus forbairt na nasc tábhachtach seo a éascú agus tacú leo.

Tá líon mór céanna beaga feadh an chósta a sholáthraíonn seirbhísí farantóireachta do chontaetha, cuanta agus oileáin amach ón gcósta in aice láimhe mar aon le tacú le gníomhaíochtaí áitiúla muirshaothraithe agus caitheamh aimsire. Tá gá le hinfheistíocht leantach chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar seo ar bhealach inbhuanaithe agus tacú leis an earnáil tionsclaíochta agus turasóireachta áitiúil. Is é beartas na Comhairle na saoráidí seo a chothabháil agus a fheabhsú go hinbhuanaithe ionas gur féidir an bonn iascaireachta, turasóireachta agus tráchtála a spreagadh gach tionchair dhíobhálacha shuntasacha a bheith acu ar an timpeallacht ná ar shláine láithreáin Natura 2000.

Tá na hacmhainní nádúrtha ar fad le fáil i gContae Chiarraí atá riachtanach chun earnáil bhríomhar agus rathúil áineasa agus turasóireachta mara a fhorbairt. Baineann tábhacht le bunaíocht inbhuanaithe slabhra Muiríní, suite ag suíomhanna oiriúnacha agus straitéiseacha feadh an chósta le haghaidh forbairt turasóireacht mhuirí. Is príomhcheanglas den phlean seo é cosaint na saintréithe timpeallachta atá mar bhonn leis an tionscal turasóireachta muirí agus ní bhreithneofar ach forbairtí nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha acu ar an timpeallacht lena n-áirítear sláine na hoidhreachta tógtha, nádúrtha nó cultúrtha.

| **Cuanta, Calafoirt & Céanna**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| KCDP 14-53 | Tacú le staidéar féidearthachta a dhéanamh ar cheangail phoirt idir Daingean Uí Chúis, An Fhianait agus cinn scríbe Eorpacha. |
| **KCDP 14-54** | Nascacht idirnáisiúnta/réigiúnach a bharrfheabhsú trí infheistíocht agus acmhainn mhéadaithe inár gcalafoirt ar fud an réigiúin/an chontae. |
| **KCDP 14-55** | Tacú le forbairt inmharthana straitéis Cuanta agus Calafort le haghaidh Réigiún an Deiscirt atá le hullmhú ag gach páirtí leasmhar ábhartha.. |
| **KCDP 14-56** | Forbairt agus feabhsú (lena n-áirítear dreideáil agus baint dríodair) cuanta, saoráidí calafoirt, muiríní, céanna, fánán, agus saoráidí gaolmhara cladaigh a éascú agus tacú leo ar mhaithe le héifeachtacht loingseoireachta agus oibríochtúil a chothabháil.. |
| **KCDP 14-57** | Tacú le agus imscrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le forbairt inbhuanaithe calafort agus céanna ar mhaithe le húsáid mhéadaithe lena n-áirítear fanacht thar oíche cúrsóirí agus buntáiste geilleagrach níos mó. |
| **KCDP 14-58** | An bonneagar cuanta agus Muiríne agus calafoirt sa Chontae a fheabhsú go hinbhuanaithe agus tailte a chosaint i gcomharsanacht cuanta agus calafoirt i gcoinne úsáidí míchuí a d'fhéadfadh cur isteach ar phoitéinseal geilleagrach fadtéarmach (lena n-áirítear rochtain) an chuain nó an chalafoirt. |
| **KCDP 14-59** | Tacú le hinfheistíocht i mbonneagar cuain trí fhorbairt inbhuanaithe bonneagar rochtana feabhsaithe chuig calafoirt óna ndobharcheantair réigiúnacha lena n-áirítear an R556 go dtí An Fhianait agus an N86 go dtí Daingean Uí Chúis. |
| **KCDP 14-60** | Tacú le ról calafort, más cuí, i bhforbairt agus oibriú inbhuanaithe fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú. |
| **KCDP 14-61** | Róil Dhaingean Uí Chúis, na Fianaite, an Chalaidh, Chathair Saidhbhín mar ionaid ghníomhaíochtaí flít iascaireachta a chosaint agus a fheabhsú, seirbhísí próiseála agus coimhdeacha agus éagsúlú inbhuanaithe a leithéid de shuíomhanna a éascú mar limistéir nua lena mbaineann deiseanna oiriúnacha infheistíochta agus fostaíochta, lena n-áirítear gníomhaíocht gheilleagrach mhuirí. |
| **KCDP 14-62** | Tacú le leanúint le agus le forbairt Bhád Farantóireachta Thairbirt go Cill Íomaí agus Bhaile an Ridire go dtí An Rinn Aird agus é a éascú. |

## 14.8 Cearta Slí Poiblí

Tá Ceart Slí Poiblí sainithe mar 'stráice talún (bóthar nó cosán de ghnáth), a bhíonn ag dul ó áit phoiblí go dtí spás poiblí de ghnáth, stráice a bhfuil ceart dlíthiúil ag an bpobal taisteal air'.

Níl mórán Cearta Slí Poiblí cláraithe in Éirinn nach bóithre poiblí cothabháilte iad. Go hiondúil, faightear rochtain ar an tuath trí 'chearta slí ceadaitheacha' i.e., le cead úinéir na talún. Tá úinéirí talún, trí dhea-thoil agus lamháltas, tar éis rochtain ar an tuath tríd a gcuid tailte a éascú. Is 'bealaí ceadaitheacha' iad conairí slímharcáilte agus tá siad forbartha le comhaontú úinéir na talún.

Liostaíodh agus mapáladh Cearta Slí Poiblí mar chuid de Phlean Forbartha Chiarraí 2015-2021, agus tá siad seo iarcheangailte leis an bPlean seo in **Imleabhar 3**. Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo. Ní ghlacfar le heasnamh Ceart Slí ón liosta mar fhianaise nach ann dá leithéid de cheart slí. Ina theannta sin, ní chruthaíonn bealach a áireamh sa phlean seo agus ceart slí poiblí.

Sa chás nach bhfuil aon Chearta Slí chomh fada le limistéir áineasa tábhachtach, áiteanna lena mbaineann suntas stairiúil, oidhreacht ailtireachta, láithreáin eolaíochta agus láithreáin lena mbaineann oidhreacht chultúrtha, spreagfaidh an Chomhairle cruthú a leithéid sin de Chearta Slí trí chomhoibriú leis na húinéirí talún áitiúla.

| **Cearta Slí Poiblí**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-63** | Caomhnú Cearta Slí Poiblí a chinntiú a thugann rochtain ar an gcladach, sléibhte, lochanna, bruach abhann agus áiteanna eile lena mbaineann áilleacht nádúrtha nó fóntas caitheamh aimsire |
| **KCDP 14-64** | Gach Ceart Slí Poiblí reatha a chosaint (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil liostaithe sa phlean seo) agus a chinntiú nach gcuireann forbairt isteach ar na bealaí seo.. |

### 14.9 Nascacht Dhigiteach

Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le córas nua-aimseartha, éifeachtúil teileachumarsáide d'fhorbairt an Chontae amach anseo agus is ionann é agus gné ríthábhachtach de bhonneagar an Chontae. Baineann poitéinseal suntasach cruthaithe fostaíochta leis an earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus tá rochtain ar leathanbhanda ardchaighdeán athléimneach riachtanach má táthar ag iarraidh go nglacfar leis an gContae mar shuíomh inmharthana d'fhorbairt an tionscail seo agus tionscail seirbhíse eile a bhraitheann ar Leathanbhanda. Tá baint réamhghníomhach ag Comhairle Contae Chiarraí le moil dhigiteacha a sholáthar. Tríd an gComhairle, tá maoiniú curtha ar fáil le haghaidh Mol Digiteach na Snadhma agus Mol RDI i gCill Orglan.

Baineann fíorthábhacht le caighdeán agus soláthar feabhsaithe bonneagar teileachumarsáide digiteach agus soghluaiste le haghaidh athbheochan cathracha, bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe. Tá forbairtí ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) mar bhonn leis an gcaoi a bhfeidhmíonn ár sochaí agus ár ngeilleagar a athrú go hiomlán

Príomhfhachtóir a bhaineann le cinneadh a dhéanamh maidir le dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach sa Chontae é gréasáin Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a fhorbairt. Baineann tábhacht ar leith leis seo ionas gur féidir le suíomhanna atá suite i bhfad ó chathracha infheistíocht agus poist a mhealladh agus rochtain chothrom a thabhairt do dhaoine áitiúla ar fhaisnéis, oideachas agus siamsaíocht. Is gné riachtanach de ghréasán cumarsáide a chur ar fáil don chontae é crainn teileachumarsáide. Cosúil le beagnach gach cineál teicneolaíochta, soláthraíonn siad buntáistí, ach ní mór cothromaíocht a chinntiú eatarthu agus caillteanas gaolmhar taitneamhachtaí.

Éascóidh an Chomhairle seirbhísí leathanbhanda ardluais a bheith á soláthar ag *National Broadband Ireland* (NBI) chuig gach gnó agus teaghlach ar aon dul leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil an bonneagar reatha san earnáil seo easnamhach. Fiú amháin le sceidil na soláthraithe seirbhíse reatha chun a líonraí a fheabhsú agus malartuithe in infheistíochtaí "Líonra den Chéad Ghlúin eile", tá ganntanas aisiompair neodrach iompróra agus iliompróra sa chontae. Chomh maith leis sin, tá breis éilimh ó na hearnálacha teaghlaigh agus tráchtála. Dá réir sin, tá sé mar aidhm ag an gComhairle, tacú le soláthar inbhuanaithe bonneagar teileachumarsáide ar fud an chontae ag suíomhanna oiriúnacha.

Is é beartas na Comhairle:

- Tacú le forbairt Contae Cliste agus Bailte Cliste.
- Tacú le forbairt inbhuanaithe comhordaithe agus spriocdhírithe agus leathnú an bhonneagair leathanbhanda ar fud an Chontae ag suíomhanna oiriúnacha chun iomaíochas geilleagrach a chinntiú le haghaidh na n-earnálacha fiontraíochta agus tráchtála agus cleachtais oibre níos solúbtha a chumasú e.g., cianobair i moil i mbailte agus sráidbhailte.
- Forbairt inbhuanaithe líonra teileachumarsáide éifeachtúil nua-aimseartha atá ag freastal ar an gContae.
- Cothromaíocht a chinntiú idir soláthar inbhuanaithe bonneagar teileachumarsáide ar mhaithe le dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach agus taitneamhacht chónaithe agus caighdeán timpeallachta a chothabháil.

### 14.9.1 Teileachumarsáid & Leathanbhanda

Tá ról lárnach ag teileachumarsáide agus leathanbhanda éifeachtach i bhforbairt geilleagar eolasbhunaithe ar fud na Tíre. Cabhraíonn leathanbhanda le heisiamh sóisialta a chomhrac. Ní bheidh ceantair atá gan leathanbhanda in ann an oiread céanna tairbhe a bhaint as forbairtí idirlín i réimse an oideachais, na baincéireachta, an taighde agus an ghnó. Nuair a bhíonn suíomhanna le haghaidh crann agus ceanglas bonneagair eile á mbreithniú, tabharfaidh Comhairle Contae Chiarraí aird ar ‘Aeróga Teileachumarsáide agus Treoirlínte Struchtúr Tacaíochta d’Údaráis Phleanála’ (DoECLG, 1996) agus Litir Chiorcláin PL07/12. Tá sé mar aidhm ag an gComhairle tacú le forbairt inbhuanaithe bonneagar crann ag suíomhanna oiriúnacha a éascaíonn aisiompar i gceantair leithinse, agus seirbhísí Leathanbhanda chuig ceantair sa Chontae nach bhfuil aon seirbhís Leathanbhanda iontu agus ina bhfuil drochsheirbhís Leathanbhanda.

### 14.9.2 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Cé go bhfuil infhaighteacht réasúnta leathanbhanda i gCiarraí, tá caighdeán na seirbhíse leathanbhanda i gceantair áirithe míshásúil agus mí-oiriúnach. Is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) tionscnamh an rialtais chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a chur ar fáil ar fud na hÉireann. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil trí infheistíocht a bheidh á déanamh ag fiontair thráchtála mar aon le hidirghabháil ón Stát sna codanna sin den tír nach bhfuil aon phleananna ag cuideachtaí príobháideacha infheistiú iontu.

Tá sé mar aidhm leis tírdhreach leathanbhanda na tíre a athrú ó bhonn trí leathanbhanda ardluais ar ardchaighdeán, inacmhainne a chur ar fáil i gceantair d’Éirinn nach bhfuil a leithéid de sheirbhísí ar fáil iontu ar bhonn tráchtála.

Cinnteoidh PNL go mbeidh rochtain ag gach duine agus gnó ar leathanbhanda ardluais, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu nó a bhfuil siad ag obair inti. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh rochtain ag gach cuid d’Éirinn ar líonra leathanbhanda nua-aimseartha agus iontaofa, a bheidh in ann tacú le riachtanais chumarsáide, faisnéise, oideachais agus siamsaíochta ghlúin an lae inniu ann agus ghlúin na todhchaí.

Beidh an gréasán seo deartha, tógtha agus á fheidhmiú ag *National Broadband Ireland*, trí úsáid a bhaint as meascán d’fhóirdheontas Stáit agus infheistíocht tráchtála. Beidh seirbhísí á gcur ar fáil don cheantar rolladh amach ar fad, ar bionann é agus 23% den daonra in thart ar 544,000 teach, feirm, scoil agus gnó ar fud na tíre.

Tá garspriocanna uaillmhianacha sonraithe ag *National Broadband Ireland* (NBI), an chuideachta atá freagrach as soláthar NBP, ina phleananna imlonnaithe, rud is cúis le clúdach leathanbhanda ardluais 100% i gceantair náisiúnta rolladh amach leathanbhanda laistigh de sheacht mbliana. Faoi dheireadh na tríú bliana, meastar go mbeidh líonra NBI ag freastal ar bheagnach 40% d’áitribh in NBP (níos mó ná 205,000 áitreabh). Faoin gcúigiú bliain, beidh rochtain ag beagnach 95% den daonra iomlán sin ar leathanbhanda ardluais.

#### 14.9.2.1 Straitéis Dhigiteach Chiarraí 2021

Tá straitéis dhigiteach nua don chontae á hullmhú ag Comhairle Contae Chiarraí i láthair na huaire. Is príomhdhoiciméad físe, deiseanna agus cuspóirí a bheidh sa straitéis a chabhróidh le gnó, scileanna, pobail

agus acmhainn a fhorbairt sa Chontae chun tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha a mbeidh an Plean Náisiúnta Leathanbhanda mar bhonn leo.

Is é aidhm fhoriomlán na straitéise nua Contae Cliste a chruthú, trí Phobail Chliste. Is cur chuige nua maidir le forbairt agus gníomhachtú pobail é Pobail Chliste a chabhraíonn le daoine, trína n-aird a tharraingt ar inneachar agus teicneolaíocht dhigiteach, agus tacú le daoine, teacht ar thuiscint ar an luach a bhaineann le hábhar digiteach a úsáid mar chuid dá saol laethúil.

Seo a leanas na spriocréimsí atá sonraithe le haghaidh Pobal Cliste:

- Éifeachtúlacht seirbhíse a fheabhsú agus costais seirbhíse a laghdú
- Deiseanna a chruthú do dhaoine óga
- Déileáil le heisiamh agus aonrú sóisialta
- Scileanna a fhorbairt chun maireachtála agus don lucht oibre
- Sláinte agus folláine i measc pobal a fheabhsú

Tacóidh Straitéis Dhigiteach Chiarraí le nascacht agus le rannpháirtíocht i bpobail agus le comhtháthú sóisialta chun sochaí dhigiteach shláintiúil a chruthú. Tacóidh sé le deis agus rochtain agus fhoghlaim agus ar fhostaíocht, cosnóidh sé saoránaigh, cuirfidh sé dlús le héifeachtúlachtaí agus le heolas. Tá an creat don straitéis bunaithe ar roinnt colún faoina mbunaítear cuspóirí ardleibhéil.




**Figiúr 14.2 Colúin Straitéis Dhigiteach Chiarraí**

Tá digitiú agus teicneolaíocht chliste á n-aithint mar chroí-cholún sa bheartas náisiúnta aeráide, go háirithe, i ndáil le hastaíochtaí GHG a mhaolú. Moltar i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 go mbeadh méadair chliste suiteáilte i dtithe chun tacú le húsáid éifeachtúil fuinnimh. Ceadaíonn teicneolaíocht méadair chliste, atá ar fáil ó go leor soláthraithe leictreachais cheana féin, d'úsáideoirí níos mó smachta a bheith acu ar an úsáid atá á baint acu féin as fuinneamh. Éascaíonn siad "taraifí am úsáide" chun custaiméirí a dhreasú chun bogadh chuig rátaí níos ísle agus ar an tslí sin bainistíocht fuinnimh níos fearr agus éifeachtúlacht a spreagadh.

Tháinig an deighilt dhigiteach chun solais i rith phaindéim COVID-19, i réigiúin gheografacha agus i ngrúpaí socheacnamaíocha mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar ghníomhaíocht gheilleagrach

agus shóisialta reatha mar aon le deiseanna saoil. Tá sé riachtanach ar mhaithe lenár n-iomaíochas agus athléimneach gheilleagrach athinfheistíocht nua agus leantach a sholáthar i gcaighdeán ár líonraí bonneagar digiteach i mbailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

#### 14.9.2.2 Nascphointí Leathanbhanda

Is é an chéad phríomhtháirge insoláthartha le haghaidh NBI nascadh le thart ar 300 Nascphointe Leathanbhanda (NPLanna). Cuirfidh tionscnamh NBI ar chumas pobal tuaithe rochtain phoiblí saor in aisce a fháil ar leathanbhanda ardluais fad is a leanfar le himlonnú níos mó PNL. Is meascán iad an 12 shuíomh roghnaithe i gCiarraí d'Ionaid Pobail, Scoileanna agus láithreáin Turasóireachta agus tá siad ar fad comhchruinnithe sna ceantair 'Ómra' nó NBI áit nár tharla rolladh amach snáithín EIR ionas go bhféadfaidís barr a gcumais a bhaint amach. Beidh na láithreáin seo ar oscailt don phobal chun rochtain ar leathanbhanda ardluais a cheadú. Tairgfidh gach láithreán, ag brath ar an gcomhthéacs raon roghanna idir sealaíocht deisce le haghaidh cianoibre agus Wi-Fi saor in aisce an t-am ar fad le haghaidh nascachta. Cruthaíonn sé seo deiseanna le haghaidh cianoibre, athlonnú ó cheantair ghnóthacha sa chathair sa stát agus oideachas. (féach ar mhapa 14.4)

#### 14.9.2.3 Gréasáin Mórcheantar Uirbeach

Tá bonneagar cáblaí snáthoptaice ar a dtugtar Líonraí Achair Cathrach (LACanna) á bhfeidhmiú ag Enet thar ceann rialtas na hÉireann. Tá ar chumas na líonraí seo bandaleithead atá beagnach neamhtheoranta a chur ar fáil. Bhí Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail agus Oileán Ciarraí páirteach i gCéim 2 den tionscadal.

Feidhmíonn na Mórcheantair Uirbeacha ar bhonn rochtain oscailte rud a chiallaíonn go mbeidh rochtain ag gach iompróir ceadúnaithe. Tá an tsamhail seo contrártha d'eisiachas líonra oibritheoirí traidisiúnta agus ceadaítear iomaíochas ar bhealach nár tharla roimhe seo. Tá tionscal teileachumarsáide na hÉireann athraithe ag Mórcheantair Uirbeacha trí chomórtas a spreagadh, costas bandaleithid a laghdú agus dlús a chur faoi staid leathanbhanda na hÉireann. Tacaíonn na MAN le beartas d'fhorbairt réigiúnach chothrom trí bhacainn ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) a bhaint agus tá fianaise shoiléir ann anois a léiríonn go mbíonn formhór na bpost FDI ar fáil i mbailte MAN.

### 14.9.3 Moil Dhigiteacha/Spásanna Oibre Comhionaid

Tá modhanna oibre daoine athraithe agus is fianaise é paindéim COVID-19 ar an tábhacht a bhaineann le nascacht dhigiteach i ndáil le tacú le patrúin cianoibre agus conas is féidir leis tionchar dearfach a bheith aige ar athrú aeráide agus ar chaighdeán saoil. Tá an líon measta oibrithe sna earnáil phríobháideach atá in ann oibriú go cianda i gCiarraí cothrom le 6,775[1].

Cabhraíonn soláthar Mol Digiteach/Spásanna Oibre Comhionaid le tacú le fiontair áitiúla nuálacha agus spásanna ina bhfuil teicneolaíochtaí ar fáil, agus ag an am céanna dírítear ar thacú le fiontair áitiúla agus leis an bpobal. Tá roinnt spásanna 'Mol/Oibre Comhionaid' ar fud Chiarraí.


I gCiarraí, tá gradaim náisiúnta buaite faoi Chiste Forbartha Fiontar Fhiontraíocht Éireann. Áirítear i measc samplaí d'ionaid nuálaíochta Ionad Gnó Tom Crean, Mol Seirbhíse, Dearaidh agus Nuálaíochta Chill Orglan, Ionad Taighde agus Nuálaíochta *Skellig*, Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Dhaingean Uí Chúis, Mol Digiteach na Snadhma agus Ionad Nuálaíochta Neidín. Áirítear i measc na samplaí de thionscadail athchóirithe le haghaidh mol digiteach agus spás fiontraíochta nuathionscanta i Stáisiún Cáblaí Dhairbhre i mBaile an Ridire agus Seanospidéal Dhaingean Uí Chúis.

Tá líonra Gaeltachta na Mol Digiteach á chur chun feidhme ar fud cheantair Ghaeltachta an Réigiúin. Tacaíonn RSES agus CDP le forbairt straitéis chuimsitheach chun obair na mol 'fiontar' i Réigiún AEC a nascadh agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is sócmhainn luachmhar é an líonra mol seo, a chuireann leis an méid atá á

[1] Comhthionóil Réigiúnacha na hÉireann – Anailís Réigiúnach ar Obair Chomhionaid – Samhain 2020

thairiscint ag an gcontae d'infheisteoirí, ag éascú, ag mealladh agus ag coimeád tallann ardluacha agus ag soláthar acmhainní agus áiseanna chun tuilleadh infheistíochta agus fás geilleagrach a mhealladh agus tacú le pobail áitiúla bhríomhara.

Is é beartas na comhairle go ginearálta gur cheart go mbeadh na poist seo lonnaithe laistigh den líonra lonnaíochta, i láthar saoráidí oibre comhionaid i Lár Bailte/Sráidbhailte agus go mbeadh athúsáid foirgneamh folamh reatha laistigh de láir bailte/sráidbhailte chun críocha dá leithéid.




**Mapa 14.4: Suíomh Lipéad Mol Digiteach & BCPanna**

| **Nascacht Dhigiteach**<br>**Is cuspóir de chuid na Comhairle é:** | |
|---|---|
| **KCDP 14-65** | Soláthar inbhuanaithe bonneagar digiteach agus soghluaiste ardluais, ardacmhainne agus tacú le hinfheistíocht leantach agus soláthar bonneagar TFC, líonraí leathanbhanda agus craoladh digiteach sa Chontae de réir an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn. |
| **KCDP 14-66** | Bailte Cliste a fhorbairt mar innill le haghaidh Contae Cliste (uirbeach agus tuaithe) trí thacú le tionscnaimh de chuid an Fhóraim Cathracha Cliste Uile-Éireann, agus dea-chleachtais a lorg trí shaotharlanna beo, leapacha tástála agus infheistíocht i dtionscnaimh páirtithe leasmhara. |
| **KCDP 14-67** | Tacú le soláthar inbhuanaithe bonneagar teileachumarsáide nua-aimseartha agus nuálach ag suíomhanna oiriúnacha. |

| | |
|---|---|
| **KCDP 14-68** | Infheistíocht le haghaidh tionscnamh i dteicneolaíocht chliste a lorg agus tacú leis an infheistíocht seo mar chumasóir le haghaidh oideachais agus foghlaim ar feadh an tsaoil i ngach suíomh. |
| **KCDP 14-69** | Tacú le hullmhú agus le cur chun feidhme straitéis dhigiteach, infheistíocht a lorg le haghaidh na ngníomhartha sainaitheanta, agus tacú le ról agus tionscnaimh an Tascfhórsa Mhóibíligh agus Leathanbhanda déileáil le ceantair ina bhfuil an clúdach digiteach agus móibíleach easnamhach agus nascacht cumarsáid tuaithe. |
| **KCDP 14-70** | Forbairt inbhuanaithe mol oibre comhionaid, mol pobail agus mol ardoideachais agus dlútheolais a éascú agus tacú leo i mbailte agus is sráidbhailte agus oibriú le príomhpháirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí ábhartha agus ionadaithe earnálacha chun a leithéid d'fhorbairtí a chomhlíonadh. |
| **KCDP 14-71** | Tacú le Líonraí Réigiúnacha Thionscadal Mol Fiontar AEC. |